Coimisiún na Scrúduithe Stáit
Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí.

S89/16

Chuig: Údaráis Bhainistíochta na Scoileanna Dara Leibhéal

An Teastas Sóisearach sa Léann Giúdach, 2017

Teidil Dualgais don Obair Thionscadail sa Léann Giúdach

1. Tugadh isteach siollabas nua don Teastas Sóisearach sa Léann Giúdach i Meán Fómhair 2010 agus scrúdaíodh den chéad uair é in 2013.

2. Cuireann an siollabas in iúl go mbeidh dhá ghné ag baint leis an scrúdú scríofa sa mheasúnú le haghaidh an teastais sa Léann Giúdach: (1) Ceisteanna ar obair thionscadail, agus (2) Ceisteanna ar na codanna eile den siollabas.

3. Déanfar measúnú seachtrach ar an ábhar ag an nGnáthleibhéal agus ag an Ardleibhéal. Beidh 20% de na marcanna ag gabháil le ceisteanna ar an obair thionscadail, ag an dá leibhéal.

4. Tá na teidil dualgais d'obair thionscadail an Teastais Shóisearaigh sa Léann Giúdach in **2017** faoi iamh. Tá na teidil chéanna ag gabháil leis an nGnáthleibhéal agus leis an Ardleibhéal. Iarrtar ar na hiarrthóirí gan ceisteanna a fhreagairt ach faoi **aon teideal amháin**. Tá na teidil dualgais don obair thionscadail i scrúdpháipéir an Teastais Shóisearaigh sa Léann Giúdach in 2017 bunaithe ar **Roinn 4** den siollabas**: Áiteanna Naofa**.

5. Beidh ar na hiarrthóirí ceisteanna a fhreagairt faoi aon teideal amháin a roghnóidh siad don obair thionscadail as an liosta de theidil dualgais i gcomhair na bliana 2017. Déanfar é seo i bhfreagarleabhar a áireofar mar Chuid 1 de na scrúdpháipéir.

6. Cuirtear an ciorclán seo agus liosta na dteideal don obair thionscadail atá in éineacht leis, ar a súile do na múinteoirí a mbaineann siad leo, le bhur thoil.

7. Cuirtear cóip den chiorclán seo ar fáil d'ionadaithe cuí na dtuismitheoirí agus na múinteoirí, le bhur thoil, chun go gcuirfear ar aghaidh é go dtí tuismitheoirí agus múinteoirí indibhidiúla.

8. Má tá aon cheist agaibh faoin gciorclán seo, cuirtear glao teileafóin ar 090-644 2746 / 090-644 2825.

_____
Oifigeach Feidhmiúcháin
Samhain, 2016.

TEIDIL DUALGAIS DON OBAIR THIONSCADAIL

AN TEASTAS SÓISEARACH SA LÉANN GIÚDACH, 2017

Tugtar rogha de dhá theideal thíos. Ba chóir d'iarrthóirí an obair thionscadail a bhunú ar **aon teideal amháin**, a tógadh as **Roinn 4** de shiollabas an Teastais Shóisearaigh sa Léann Giúdach**: Áiteanna Naofa**.

Topaic: An Teampall in Iarúsailéim — Roinn 4: Áiteanna Naofa.

TEIDEAL A: Próifíl den fhianaise sa Bhíobla Eabhraise gurbh é an chéad Teampall in Iarúsailéim príomháit naofa an phobail Ghiúdaigh.

NÓ

Topaic: *Bet Midrash — Roinn 4: Áiteanna Naofa.*

TEIDEAL B: Scrúdú ar an ról a ghlac Bet Midrash in oideachas an phobail Ghiúdaigh, ó scrios an dara Teampall in Iarúsailéim go dtí an lá atá inniu ann.